

TURAS AR AN GCLOCHÁN.

Bhí fear ar an mbaile a dhíol bó. Cailleadh an bhó. Thugadar an búistéar ann nuair a bhí sí básuighthe. Hosgluigheadh an bhó i láthair beirt fhear agus rinne an búistéara amach go raibh an bhó lobhtha, agus bhí, mar fuair sé tairngne ina phutóig. An fear a dhíol an bhó ní raibh sé ag tabhairt saoradh ná séanadh uaidh. Nuair nach raibh, an fear a cheannuigh í, thug sé próis air don Chlochán. An lá roimh lá na cúirte sé an chaoi a ndeachamar de shiubhal ar gcos treasna an chriathraigh. Bhriseamar amach ar an mbóthar ag bun Sgainimh. Bhí sé le contráth na hoidhche nuair a bhíomar i bhfoisgeacht míle don Chlochán. Tháinig múr cloch orainn amach as sgeacha beaga a bhí ann ar chaon taobh den bhóthar. Ní raibh samhail ar bith acab ach mar a bheadh maisín gun ann

Bhí mise ar dhuine den bheirt. (Tugadh mise agus an buistéar 'un na cúirte le fiadhnaise a dhéanamh ar thaobh an fhir a cheannaigh an bhó.)

Tháinigeadar chomh tréan sin. Ritheamar agus thugamar na haobha uathab go ndeachamar isteach go baile an Chlocháin. Thóigeamar an lóidín agus cé bheadh rómhainn ann ach an fear céadna a raibh an phróise air. Nuair a bhí taé ólta againn dubhairt mé féin "fágaidh seo amach agus beidh deoch againn." Chuamar amach go carthanach in éindigh. Shul má bhí leath na deoch blasta dubhairt mé féin go mba cheart dóibh socrú. "Ceartós socrú ba mhaith leat a dhéanamh" adeir an fear a raibh an phoróis air. "Tabhair thusa leath luach na bó don fhear seo agus leath costais" adeirim-se. "Tá mé sásta," adeir sé. Deamhain focal a bhí ann ní ba mhó agus in éindigh go buidheach beannachtach. Sin é an uair a bhí na hamadáin ann. D'fhéadfaidís an méad sin a dhéanamh sa mbaile.

Ar maidin lárna bhárach chuadamar go dtí fear bhadhanncannaí. Réidhtigheamar leis go Muigh Cuilinn. D'innis sé sé dúinn cén t-am a mbeadh sé ag imtheacht. Nuair a bhí sé ag imtheacht ní raibh aon áit aige ach do bheirt againn, badh é an búistéara agus an fear a dhíol an bhó a chuaidh ar an mbadhancanna. Bhí sé siar go maith sa lá un uair sin. D'imthigheamar an bheirt againn, mise agus an fear a cheannaigh an bhó de shiubhal ar gcos. I leabaidh bóthar na Sgrathóg a thóigeáil sé an bóthar i thóigeamar bóthar an Chaisil agus sé an áit a bhfuaramar sinn féin tráthnóna istigh ar bhrúach na céibhe agus gan blas le feiceál againn ach fuireann báid mhóra. Tosuigeamar féin ag breathnú ar a chéile agus dubhairt ceann againn leis an gceann eile a leiteide seo de phoinnt a thóigeáil. Chaitheamar dinn ár mbróga agus na stocaí. Cheangail muid suas iad agus chaitheamar ar ar ngualainn iad agus dféadfá a rádh gur chuireamar cosúlacht siubhail orainn féin. Thosuigheamar ag gearradh sléibhe agus gan fios againn cé rabhamar ag dhul. Is garr gur airigheamar bean agus í ag glaoidhach ar a cuid beithidheach. Tháinigheamar chomh fada léithe. D'fhiafrugheamar dhí ce'n áit é seo? Dubhairt sí go mbadh é Cnoc Mordán é. "A' bhfuil aon bhaile timcheall air?" arsa muide.

"Tá," adeir sí agus dhá bhaile, Doire Iorruis, agus Locha Con Aortha.

Tháinigemar isteach go Doire Iorrais. Is ann a bhí na tighthe deasa te teolaidhe agus chaon teach aca chomh fada le Refuge Protastúin. D'fhiafrúigh ceann againn de'n cheann eile cé againn a d'iarrfadh lóistín. Chuala bean an tighthe an focal – bhíomar ag doras tighthe. "Sílim," adeir sí, "gur olc an dá threoraidhe sibh. Tá lóistín le fáil agaibh agus míle fáilte." Nuair a tháinigemar isteach bhí beirt bhuachaillí óga ag meilteachán, bhíodar ag meilt eorna le bróinte beaga. Bhuaile bean an tighthe, bhuaile sí síos potaí fataí. Nuair bhíodar bruidhte leag sí anuas iad go fial fairsing, dhá mhug bainne, agus dhá phláta ime a dhéanfadh Goll agus Conán. Nuair a bhíomar subhach sáthach d'fhiafrúigh duine againn de na fir óga an raibh braon fuisge ar bith thimcheall. Rinne siad meangadh gáire agus dubhradar nach raibh. "Muise" adeir muid féin, "áit ar bith a bhfuil an meilteachán níl sé gan tiomsacht éicint a bheith ann. Is fearr duit a thabhairt dúinn ná muid a dhul tóiridheacht." Sin é an uair a dubhairt fear acab leis an dreithiúr buidéal a thabhairt isteach againn. Má dubhairt féin ní hionann an stuf a bhí an uair sin ann agus atá indiu ann. Ní nimh a bhí an uair sin ann. Sé an luach a bhí air dhá sgilling an cárt.

Nuair a d'airigh aos óg an bhaile go rabhamar ann chruinnigheadar isteach, mar is gnás atá i gConamara nuair a thioctas stráinséar ar an mbaile. Tioctaidh siad ag éisteacht leis ag caint, leagadh anuas bord agus paca cártaí agus chuadar ag imirt buidéil fuisge. Bheadh triúr saor agus seisear daor (ag íoc). Nuair a bhí sé an deich a chlog d'fhuagair bean an tighthe go raibh sé an deich, d'éirigh chuile dhuine aca agus chuadar abhaile. Cuireadh síos pota fataí, d'éirigh duine de fhir óga an tighthe agus chuaidh sé amach. Ní raibh sé ceathramha uair amuigh nuair a tháinig sé isteach agus bradán aige a bhí chomh trom le uan caorach. Buaileadh síos é. D'itheamar an suipéar. Chuadhamar a chodladh.

Ar maidin lár na bháir ar a thoirt is ar glaoídh an coileach, ar fhaithíos is go n-imtheóchamuid i ngan fhios, bhí bean óg an tighthe ina suidhe agus bricfeasta réidhte aice. Thug sí gloine fuisge do chaon duine againn roimh á nár mbéile agus péire ina dhiaidh. Leag an fear a bhí in éindigh liomsa leath-ghiní buidhe ar an mbord. D'aithnigh mé uirthé gurbh é an masladh is mó a fuair sí ariamh é a thairisgint di. Níor ghlac sí é. D'imigh linn agus spáin sí dúinn cé'n áit a mbrisfimis amach agus bhíomar aniar abhaile le cár an phosta tráthnóna. Bhí sé os cionn bliana ina dhiaidh sin, an oidhche a bhí aonach an fhóghmhair an Spidéil nuair a chonnaic mé an fear seo a dhul aniar agus dar liom féin go dtáinig cinéal gnaoi agam air. "Pé bí áit a bhfaca mé thú," arsa mise, "chas tú orm an áit éicinteacht." Nuair a bheannaigh mé dó, sin é an uair a d'aithnigh mé é. D'fhiafrúigh mé dó cé raibh sé ag dul. Dubhairt sé liom go raibh sé ag dul ag an Spidéal agus as sin go Gaillimh. "Fanfaidh tú in éindigh liom-sa anocht," arsa mise, "beidh mise ag dul ag an Spidéal mé féin ar maidin agus beidh tú inéindigh liom." Bhí a shliocht air, d'fhan, nuair a dinnis mé dó cé a bhí ann. Ach bheirim-se suas do Dhoire Iorrais é. Badh é tigh na mháthair sin an teach is graoidheamhala ar sheas mise ariamh ann bean de chloinne Confhaola í.

11/5/30.